An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar Eolaíocht
TUAIRISC

Coláiste Ghobnait
Inis Oírr, Contae na Gaillimhe
Uimhir Rolla: 71370K

Dáta na Cigireachta: 8 Aibreán 2016

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SAN EOLAÍOCHT

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na Cigireachta	8 Aibreán 2016
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith trí thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go maith nó go han-mhaith le linn na meastóireachta.
- Bhí ullmhúchán an-mhaith déanta ag na múinteoirí dá gcuid ceachtanna agus breathnaíodh réimse modheolaíochtaí, lena n-áirítear foghlaim bunaithe ar fhiosrú sna ceachtanna.
- Sanntar obair bhaile go rialta agus bhí fianaise ann go dtugann múinteoirí aiseolas foirmitheach do scoláirí i bhfoirm scríofa agus ó bhéal chun a gcuid foghlama a chur chun cinn.
- Tá an eolaíocht mar chroí-ábhar sa tsraith shóisearach agus tá trí ábhar eolaíochta ar fáil do scoláirí sa tsraith shinsearach.
- Tá saotharlann amháin, a bhfuil acmhainní maithe inti, ag an scoil agus tá rochtain an-mhaith ag na scoláirí ar an seomra sin agus is ann a bhíonn na ceachtanna eolaíochta ar fad nach mór ar siúl.
- Tá pleanáil na roinne go maith agus cuirtear anailís ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachta san áireamh, déantar an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) atá curtha i gcrích ag na múinteoirí a liostú chomh maith le scéimeanna oibre mionsonraithe.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba chóir go gcinnteodh na múinteoirí eolaíochta go ndéantar na cuspóirí foghlama a athchoimriú le linn na gceachtanna agus ba chóir dóibh straitéisí a fheidhmiú chun cuidiú leis na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na cuspóirí sin chun a gcuid scileanna foghlama a fheabhsú.
- Ba chóir do na múinteoirí a chinntiú go bhfuil cothromaíocht mhaith idir teagasc an mhúinteora agus gníomhaíocht na scoláirí sna ceachtanna ar fad.

- Ba chóir na scéimeanna oibre a leathnú amach chun go gcuirfí san áireamh modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama agus modhanna measúnaithe faoi leith a bheadh nasctha leis na torthaí foghlama.

RÉAMHRÁ

Scoil chomhoideachais ar Inis Oírr is ea Coláiste Ghobnait a fheidhmíonn faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Bhí 23 scoláire ar an rolla nuair a rinneadh an chigireacht. Chomh maith leis an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht cuireann an scoil clár Idirbhliana (TY) roghnach ar fáil.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht na foghlama agus an teagaisc go maith nó go han-mhaith. Tá Coláiste Ghobnait suite sa Ghaeltacht agus rinneadh gach ceacht a mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus glacann roinnt scoláirí le scoláireachtaí chun leas a bhaint as an tseirbhís sin.
- Bhí ullmhúchán maith déanta ag na múinteoirí dá gcuid ceachtanna agus baineadh úsáid mhaith as na háiseanna a bhí ar fáil. Rinneadh na cuspóirí foghlama a roinnt leis na scoláirí ach mar sin féin ba chóir do na múinteoirí feidhm a bhaint as na cuspóirí sin chun na ceachtanna a athchoimriú le go mbeadh ar chumas na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na cuspóirí sin chun cur lena scileanna foghlama.
- Baineadh úsáid as réimse modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama le linn na meastóireachta. Breathnaíodh dea-chleachtais mar fhoghlaim fhionnachtanach, achoimriú ar réamheolas, plé idir scoláirí, teagasc soiléir ón múinteoir agus na scoláirí ag déanamh tascanna aonair agus grúpa. I gcás amháin, ba ghá go mbeadh níos mó cothromaíochta idir an t-am a caitheadh ar theagasc an mhúinteora agus ar ghníomhaíocht na scoláirí. Nuair a bhítear i mbun obair bheirte, ba chóir do na múinteoirí achar soiléir ama agus cur síos scríofa agus ó bhéal ar an tasc atá sannta dóibh a chur ar fáil do na scoláirí, a chinntiú go dtugtar ról do gach scoláire agus cur ar chumas scoláirí aiseolas a sholáthar dá gcomhscoláirí.
- Bhí an bhainistíocht ranga go han-mhaith agus bhí iompar na scoláirí ar fheabhas ar fad. Bhí caidreamh an-dearfach le feiceáil idir na múinteoirí agus na scoláirí le linn na gceachtanna go léir. Rinne na múinteoirí ionchur na scoláirí le linn na gceachtanna a dhearbhú. Tá éagsúlacht mhaith d'obair na scoláirí, cairteacha agus póstaeir ar taispeáint sa saotharlann. Cuireadh ar chumas na scoláirí trealamh eolaíochta a bhailiú agus a chur i leataobh le linn don obair thurgnamhach a bheith ar siúl ag teacht le dea-chleachtas.
- Is ranganna cumais mheasctha iad na ranganna ar fad agus baineadh feidhm as straitéisí maithe difreála sna ceachtanna. Bhí an ceistiúchán go maith le linn na meastóireachta agus tríd is tríd léirigh na scoláirí tuiscint mhaith ar choincheapa agus ar fhíricí. Ba chóir do mhúinteoirí ceisteanna a dháileadh ar chohórt iomlán na scoláirí sna ceachtanna ar fad chun seiceáil a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí. I dtaca leis seo, chabhródh sé freisin le múinteoirí dá mbainfí feidhm as cláir thaispeána.
- Sanntar obair bhaile ar bhonn rialta agus déanann na múinteoirí monatóireacht uirthi agus ceartaíonn siad í. Cuireann na múinteoirí aiseolas foirmitheach i bhfoirm scríofa ar fáil do scoláirí maidir lena gcuid oibre, rud a chuireann leis an aiseolas ó bhéal mar bhealach chun foghlaim na scoláirí a chur chun cinn.

- Breathnaíodh straitéisí litearthachta agus uimhearthachta sna ceachtanna le linn na cigireachta. Míníodh focail dheacra agus tugadh deis do scoláirí na focail sin a litriú agus a fhuaimniú i gceart. Ba chóir do roinn na heolaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an éifeachtúlacht a bhaineann le haon straitéisí a úsáideann siad i gcomhair litearthachta agus uimhearthachta ag teacht le treoirlínte na Féinmheastóireachta Scoile.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá tacaíocht na scoile uile i leith na n-eolaíochtaí go han-mhaith. Tá an eolaíocht mar chroí-ábhar sa tsraith shóisearach agus tá sí éigeantach san Idirbhliain (TY). Is féidir le scoláirí rogha a dhéanamh ó na hábhair Bitheolaíocht, Fisic agus Ceimic sa tsraith shinsearach. Nuair a bhí an chigireacht ar siúl is í an Bhitheolaíocht amháin a bhí á teagasc do na scoláirí sinsearacha.
- Tá an soláthar ama do na hábhair eolaíochta go léir ag teacht le moltaí an tsiollabais.
- Tá teacht ag an scoil ar shaotharlann amháin a bhfuil acmhainní maithe inti. Bíonn na ceachtanna eolaíochta go léir nach mór ar siúl sa saotharlann sin le linn na seachtaine. Tá fáil ar threalamh teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus tá áiseanna maithe Wi-Fi agus leathanbhanda ar champas na scoile. Tá trealamh cuí i leith sláinte agus sábháilteachta sa saotharlann agus déantar ceimiceáin a stóráil mar is ceart. Déanann na múinteoirí measúnú riosca ar sheomra ranga na heolaíochta gach bliain agus bhí athbhreithniú á dhéanamh ag an mbord bainistíochta ar pholasaí sláinte agus sábháilteachta na scoile le linn thréimhse na cigireachta.
- Tacaíonn an scoil le forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) na múinteoirí agus tá na múinteoirí ina mbaill de Chumann Eol Oidí na hÉireann. Spreagtar na scoláirí le bheith rannpháirteach in imeachtaí seach-churaclaim mar Thaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT, aoichainteoirí agus comórtais thráth na gceist san eolaíocht. Tá an-úsáid bainte ag na múinteoirí agus ag na scoláirí as na gnáthóga áitiúla agus as feiniméin mar an Aurora Borealis a tharla le déanaí chun spéis san Eolaíocht a spreagadh i measc chohórt na scoláirí.
- Déantar measúnuithe faoi Nollaig agus sa samhradh ar na scoláirí ar fad agus baintear feidhm as modhanna measúnaithe éagsúla le linn na bliana mar thopaicí a bheith á gcur i láthair ag scoláirí os comhair a gcomhscoláirí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh roinn na heolaíochta machnamh ar scór céatadánach a sholáthar do scoláirí i leith a gcuid gnóthachtála in obair phraiticiúil le linn na bliana mar chuid den phróiseas sin.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá caighdeán na pleanála agus an ullmhúcháin go maith. Oibríonn an bheirt mhúinteoirí i roinn na heolaíochta go maith le chéile agus buaileann siad le chéile go neamhfhoirmiúil go han-mhinic chun cur leis na gcruinniú foirmiúil a bhíonn acu gach téarma. Coinnítear miontuairiscí na gcruinnithe sin agus déantar taifid den Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) atá déanta ag na múinteoirí a dhoiciméadú.
- Tá scéimeanna maithe oibre i bhfeidhm lena n-áirítear achair ama, cuspóirí foghlama agus mír athbhreithnithe múinteora. Ba chóir anois na scéimeanna sin a leathnú amach chun modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama agus modhanna measúnaithe faoi leith a nascadh

leis na torthaí foghlama. Thabharfadh sé sin deis do na múinteoirí cleachtais agus modheolaíochtaí a roinnt.

- Déanann roinn na heolaíochta anailís ar thorthaí na scrúduithe teistiméireachta. Ba chóir an anailís sin a leathnú amach i ndiaidh plé a dhéanamh ag cruinnithe de roinn an ábhair. Ba chóir go gcuirfí spriocanna intomhaiste agus pleananna gníomhaíochta faoi cheangal ama san áireamh san anailís leathnaithe chun foghlaim na scoláirí a fheabhsú agus chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil sa todhchaí.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuireann Bord Bainistíochta Choláiste Ghobnait, Inis Oirr agus Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin fáilte is fiche roimh na tuairimí dearfach a bhí sa tuairisc ar chaighdean an teagaisc agus na foghlama, an úsáid a bhain na múinteoirí as na háiseanna a bhí ar fáil dóibh agus go ráibh inchur na scolairí mar chuid lárnach le linn na gceachtanna.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Moladh don fhoireann teagaisc feidhm a bhaint as na cuspóirí foghlama chun na ceachtanna a athchoimriú, scéimeanna oibre a leathnú amach chun go gcuirtí san áireamh modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama agus modhanna measúnaithe faoi leith a bheadh nasctha leis na torthaí foghlama.
Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an bpolasaí Sláinte agus Sábhailteachta faoi láthair.